# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais TUSLA:** | TU2015KY094 |
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra an Chaisleáin |
| **Seoladh na Seirbhíse:** | 12 Bóthar Mhartromáin, Caisleán Ghriaire, Co. Chiarraí |
| **Éirchód:** | V92 KW96 |
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Mary Whelan |
| **Cineál na Seirbhíse** | Seisiúnach |
| **Dáta(í) na Cigireachta:** | 09/01/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 19 | PM | 0 |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Chigireacht na Luathbhlianta** | Áras an Phobail, Lána an Déin, Trá Lí, Co Chiarraí |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | N. Reidy |
| **Teideal:** | Cigire Luathbhlianta |

| Údarás chun cigireacht a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha, má bhaineann le hábhar** | N/Bh |

## Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís pobalbhunaithe saintógtha luathbhlianta é Naíonra an Chaisleáin atá cláraithe chun cúram seisiúnach a sholáthar do leanaí idir 2 bhliain agus 6 bliana d'aois, agus freastalaíonn an tseirbhís ar leanaí idir 2 bhliain, 8 mí agus 5 bliana d'aois faoi láthair. Feidhmíonn an tseirbhís ó Luan go hAoine, 9.15 am agus 12.15pm

## Soláthar foirne

Tá 4 duine fásta fostaithe sa tseirbhís faoi láthair, lena n-áirítear an soláthraí cláraithe agus duine ainmnithe chun clúdach faoisimh a chur ar fáil, de réir mar is gá. Bhí cáilíochtaí um chúram leanaí ag leibhéal 5 agus os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag na 4 duine fásta sin.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo.
Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo, agus díríodh ar rialachas/sláinte, folláine agus forbairt an linbh/sábháilteacht/áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireachtaí díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.
Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo.

Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an chigireacht a chuireann an tuarascáil le chéile.

**Eolas Breise**

Eisíodh Fógra um Ghníomhaíocht Láithreach don Soláthraí Cláraithe maidir le teocht an uisce the a taifeadadh ag 60 céim Celsius ag an doirteal i gcóiríocht sláintíochta na leanaí thuas staighre. Chuir an soláthraí cláraithe freagra i scríbhinn isteach ag cur síos ar na bearta a glacadh chun an fhadhb a réiteach.

**Buíochas**

Is mian leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an cinnteoidh soláthraí cláraithe duine i bhfeighil, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta, as a gcomhoibriú.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

**Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht**

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*

*(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*

*(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*

*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*

*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*

*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*

*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*

*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1)

(a) Tá duine i bhfeighil ainmnithe sa tseirbhís, chomh maith le duine ainmnithe eile a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá.

(b) An t-am ar fad agus an réamhscoil ar oscailt, bíonn an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna hainmniú le gníomhú di i láthair sa tseirbhís.

(2) Dheimhnigh an soláthraí cláraithe go raibh 4 duine fásta fostaithe sa tseirbhís agus rinneadh cigireacht ar thaifid earcaíochta na bhfostaithe sin.

(a) Bhí 3 teistiméireacht agus bailíochtú i scríbhinn ar comhad ó iarfhostóir.

(b) Bhí 5 theistiméireacht agus bailíochtú i scríbhinn leo ar comhad ó fhoinse seachas iarfhostóir.

(c) Bhí doiciméid um Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar fáil i ndáil le gach duine de na ceathrar daoine fásta.

(d) Bhí grinnfhiosrúchán póilíní ar comhad le haghaidh duine fásta amháin a bhí tar éis cónaí lasmuigh den dlínse ar feadh tréimhse ní b’fhaide ná 6 mhí as a chéile.

(4) Bhí cáilíochtaí um chúram leanaí ag leibhéal 5 agus os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag na daoine fásta a bhí ag obair go díreach leis na leanaí agus bhí na teastais ar fáil lena n-imscrúdú.

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 11 - Leibhéil Foirne** |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br><br>*(3) Faoi réir alt (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.*<br><br>*(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*<br>*(c) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí, i gcás go bhfuil an tseirbhís á hoibriú ag an duine i bhfeighil ina aonar nó ina haonar, go mbeidh an dara duine, atá eolach ar seirbhíse agus i riocht cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil chun an tseirbhís a oibriú, i gcóngar gairid don tseirbhís agus ar fáil chun freastal ar an tseirbhís i gcónaí d'fhonn cúnamh a thabhairt don duine i bhfeighil i gcás éigeandála.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Le linn thréimhse na cigireachta, chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh líon leordhóthanach daoine fásta ag tabhairt aire do na leanaí a bhí ag freastal ar an tseirbhís.<br>(3) Bhí beirt duine fásta ag tabhairt aire do 19 leanbh idir 3 bliana agus 5 bliana d'aois agus bhí ag freastal ar an tseirbhís ar bhonn seisiúnach. Bhí an cóimheas ceart idir na daoine fásta agus na leanaí.<br>(8)(c) Níl feidhm aige seo ós rud é nach bhfuil an tseirbhís á feidhmiú ag duine aonair. |

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile |
|---|
| **Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*<br>*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |

BUNRIACHTANAIS

- Tugadh faoi deara i rith na cigireachta go raibh na daoine fásta a bhí ag tabhairt aire do na leanaí deas cineálta leis na leanaí a bhí i láthair.
- Bhí rogha ag na leanaí bogadh idir an 2 sheomra súgartha, is é sin seomra súgartha na cistine agus an príomhsheomra súgartha. Breathnaíodh na leanaí ag súgradh gan srian sa dá sheomra.
- Bhí bréagáin éagsúla agus ábhair spraoi éagsúla ar fáil sna seomraí spraoi agus iad stóráilte ar na seilfeanna ísle oscailte, ar an urlár agus ag airde na bpáistí. Chuir an duine i bhfeighil in iúl don chigire go ndearnadh rothlú i rith na bliana ar bhréagáin agus ábhair súgartha breise a bhí stóráilte i seomra folamh ar an gcéad urlár.
- Bhí samplaí éagsúla d'obair ealaíne na leanaí ar taispeáint sa halla isteach.
- Cuireann tuismitheoirí/caomhnóirí na leanaí bia ar fáil dóibh le hithe sa tseirbhís. Bhí ceapairí, iógart, agus torthaí agus glasraí éagsúla, chomh maith le huisce le hól, ag na leanaí. Chuir na daoine fásta in iúl don chigire go raibh an bia arna chur ar fáil ag na tuismitheoirí ag teacht le Beartas na seirbhíse maidir le Bia Sláintiúil.
- Athlíonadh buidéil uisce in-athúsáidte na leanaí ag an doirteal i seomra súgartha na cistine de réir mar ba ghá, agus bhí rogha cupáin curtha ar fáil ag an tseirbhís ar an doirteal.
- Tógadh grianghraif de chuid de na leanaí agus samplaí dá saothar ealaíne á dtaispeáint acu. Bhí na grianghraif le cur i leabhair thaifid aonair na leanaí. Tugadh na leabhair seo don chigire, agus bhí grianghraif éagsúla de na leanaí ag súgradh le feiceáil iontu, chomh maith le roinnt samplaí de shaothar ealaíne a rinne na leanaí ó thosaigh siad sa tseirbhís.
- Bhí rochtain neamhshrianta ag na leanaí le linn na cigireachta ar na háiseanna leithris a bhí suite idir an dá sheomra súgartha agus ar an dara leithreas do na leanaí a bhí suite ar an dara hurlár. Níor úsáideadh an áis thuas staighre le linn na cigireachta.
- Tá rochtain ag na leanaí ar áit súgartha iniata, ainmnithe lasmuigh agus tá rochtain dhíreach ar an áit seo ón dá sheomra súgartha. Níor úsáideadh an áit seo ar lá na cigireachta mar gheall ar an drochaimsir.

**Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint**

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

**Sábháilteacht Ghinearálta**

- Bhí an príomhdhoras isteach sa tseirbhís slán agus daingean.
- Chonacthas go raibh na hoibreáin ghlantacháin i seomra súgartha na cistine stóráilte ar sheilfeanna ardleibhéil as raon láimhe na leanaí.
- Bhí geata sábháilte curtha isteach ag bun an staighre chun a chinntiú nach raibh rochtain ag na leanaí ar an staighre sa halla isteach.

**Rialú Ionfhabhtuithe**

- Bhí bia somheata na leanaí á stóráil sa chuisneoir sa seomra spraoi chun milleadh bia a chosc.
- Nigh na leanaí a lámha ag an doirteal sa seomra folctha thíos staighre roimh am bia. Roimh am bia, rinneadh díghalrú ar na boird i seomra súgartha na cistine, áit ar tháinig na leanaí go léir le chéile chun ithe.
- Cuireadh uisce te, leacht gallúnaí láimhe agus tuáillí láimhe páipéir ar fáil ag an doirteal thíos staighre chun lámha a ní go héifeachtach agus an baol tras-ionfhabhtaithe a laghdú.

**Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh**

**Sábháilteacht Ghinearálta**

1. Taifeadadh teocht an uisce te ag an doirteal i gcóiríocht sláintíochta na leanaí thuas staighre ag 60 céim Celsius agus ag 59.6 céim Celsius ag an doirteal i gcóiríocht sláintíochta na ndaoine fásta, rud a chuir daoine i mbaol a scallta.

**Gníomh arna sheoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe**

<u>**Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach**</u>

Dúirt an soláthraí cláraithe gur cuireadh in iúl don chigire gur ceartaíodh an neamhchomhlíonadh, chuir pluiméir cláraithe teirmeastat nua isteach i ngach ceann de na seomraí folctha thuas staighre agus socraíodh teocht an uisce ag 40 céim Celsius chun comhlíonadh a chinntiú.

Tar éis cruinniú foirne, comhaontaíodh go seiceálfar teocht an uisce sna 3 sheomra folctha ar bhonn míosúil chun a chinntiú go bhfuil an teirmeastat ag obair i gceart agus go gcomhlíonann teocht an uisce ceanglais Rialachán 23.

Amach anseo, déanfaidh an fhoireann teocht an uisce the a thaifeadadh; cuirfear an taifead ar taispeáint ar chúl dhoirse an tseomra folctha.

Má tá an teocht os cionn an teocht riachtanaí 43 céim, cuirfidh an fhoireann an soláthraí cláraithe ar an eolas láithreach agus úsáidfear seomra folctha eile go dtí go n-aithnítear an fhadhb agus go réitíonn pluiméir í.

**Doiciméid tacaíochta arna gcur isteach**

**Sábháilteacht Ghinearálta**

Cuireadh isteach grianghraf a léiríonn seiceáil teochta an uisce the ag 40 céim Celsius, cóip den taifead míosúil chun na seiceálacha ar theocht an uisce a léiriú agus sonrasc ón bpluiméir maidir le 2 chomhla mheasctha a shuiteáil.

**Nóta Tráchta Achomair**

Táthar tar éis an ceanglas sin a chomhlíonadh.

## Cuid VI - Sábháilteacht

### Rialachán 25 - Garchabhair

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—*

*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*

*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Cuireadh oiliúint reatha ar Fhreagróir Garchabhrach (FAR) ag triúr duine fásta agus bhí na teastais sin ar comhad.

(2)

(a) Cuireadh mála garchabhrach ar fáil; bhí sé stóráilte i gcófra ardleibhéil i seomra súgartha na Cistine.

(b) Bhí teacht ar an mála garchabhrach ag na daoine fásta i gcónaí agus bhí sé as raon láimhe na leanaí.

**Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh**

(2)(a) Ní raibh an stuif iomchuí sa mhála garchabhrach agus bhí cuid de na cóirithe créachta steiriúla neamh-íocleasaithe agus pillíní súl steiriúla as dáta agus neamhoiriúnach don fheidhm.

Ní raibh na míreanna seo a leanas sa mhála, de bhreis ar an ábhar thuasluaite: -

- Cóiriú dó uisce ( Ceann beag agus ceann mór)
- Bindealán síprise (7cm) (2)

**Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe**

**Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach**

Dúirt an soláthraí cláraithe gur cuireadh earraí nua in áit na n-earraí ar fad a bhí as dáta sa mhála garchabhrach. Chun comhlíonadh a chinntiú amach anseo, tá liosta le dáta éaga an ábhair gharchabhrach ar taispeáint ar an gclár fógraí thíos staighre agus ar chlár na bhfógraí san oifig thuas staighre, ionas go bhféadfaidh an fhoireann é a sheiceáil. Cuirfear earraí nua sa mhála, de réir mar is gá.

**Doiciméid tacaíochta arna gcur isteach**

Cuireadh isteach grianghraf den ábhar nua a cuireadh sa mhála garchabhrach.

**Nóta Tráchta Achomair**

Táthar tar éis an ceanglas sin a chomhlíonadh.

**Cuid VI - Sábháilteacht**

**Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán**

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*

*(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*

*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*

*(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Bhí taifead i scríbhinn sa tseirbhís maidir leis na rudaí seo a leanas: -

(a) Taifead maidir leis na druileanna dóiteáin a rinneadh sa tseirbhís. Is é 18.12.23 an dáta a bhí ar an taifead maidir leis an druil dóiteáin deireanach.

(b) Bhí taifead á choinneáil maidir le huimhir, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus an t-aláram dóiteáin. Léirigh na taifid ar comhad go ndearnadh an tseiceáil dheireanach ar an aláram deataigh i mí Mheán Fómhair 2022 agus ar an trealamh chun dóiteáin a chomhrac ar an 06/09/2023.

(4) Bhí fógra i dtaobh na nósanna imeachta le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint sa tseirbhís.

**Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh**

(1)

(b) Léirigh na taifid a soláthraíodh lena n-iniúchadh nach raibh seirbhísiú bliantúil á dhéanamh ar an aláram deataigh.

**Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe**

**Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach**

De réir an tsoláthraí cláraithe: -

Rinneadh teagmháil leis an gcomhlacht aláraim dóiteáin chun cigireacht a dhéanamh ar an gcóras aláraim dóiteáin. Socraítear conradh cothabhála ráithiúil le cuideachta seirbhísithe aláraim dóiteáin chun a chinntiú go ndéanfar an córas aláraim dóiteáin a sheiceáil agus a chothabháil i rith na bliana chun comhlíonadh a chinntiú.

**Doiciméid tacaíochta arna gcur isteach**

Fuarthas an deimhniú cothabhála aláraim dóiteáin dar dáta 26.01.2024.

**Nóta Tráchta Achomair**

Táthar tar éis an ceanglas sin a chomhlíonadh.

**Cuid VII - Ceanglais maidir le hÁitribh agus Spás**

**Rialachán 29 - Áitribh**

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe maidir le háitreabh na seirbhíse—*

*(c) go mbeidh soilsiú, téamh agus aeráil leordhóthanach ann,*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(c) Coinníodh teocht an aeir sna seomraí súgartha agus lóistín sláintíochta na leanaí atá suite ar urlár na talún laistigh den raon 18 agus 19 céim Celsius.

(d) Bhí an t-áitreabh aeráilte go maith, a bhuí sin leis na fuinneoga in-oscailte.

**Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh**

(c) Taifeadadh teocht an aeir i gcóiríocht sláintíochta na leanaí agus sa chóiríocht sláintíochta do dhaoine fásta atá suite ar an gcéad urlár ag 15 chéim Celsius faoi seach.

**Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe**

**Gníomh Ceartaitheach agus Coisctheach**

Dúirt an soláthraí cláraithe go ndearnadh teagmháil le húinéir an áitribh maidir leis na radaitheoirí agus gur deisíodh iad. Socraíodh ag cruinniú foirne go seiceálfadh an fhoireann teocht an tseomra. Tá 4 theirmiméadar i bhfeidhm sna seomraí folctha thuas staighre agus thíos staighre chun a chinntiú go gcoimeádtar teocht an tseomra.

**Doiciméid tacaíochta arna gcur isteach**

Cuireadh isteach fianaise leis an taifead a léiríonn teocht an tseomra ag 18 céim Celsius agus ar na teirmiméadair a ceannaíodh.

**Nóta Tráchta Achomair**

Táthar tar éis an ceanglas sin a chomhlíonadh.

**Cuid VI - Sábháilteacht**

**Rialachán 28 - Árachas**

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

I measc na faisnéise a tugadh ar an deimhniú árachais, bhí:

- sonraí teagmhála an tsoláthraí árachais
- ainm agus seoladh na seirbhíse faoi árachas
- catagóir chumhdaigh árachais na seirbhíse
- líon na leanaí a bhí cumhdaithe ag an árachas - 22

Dáta éaga an chumhdaigh árachais reatha - 31/08/’24.

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015KY094 |
| **Name of Service:** | Naionra An Chaisleáin |
| **Address of Service:** | 12 Bothar Martramane, Castlegregory, Co. Kerry |
| **Eircode:** | V92 KW96 |
| **Name of Registered Provider:** | Mary Whelan |
| **Service type:** | Sessional |
| **Date(s) of Inspection:** | 09/01/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 19 | PM | None |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Áras an Phobail, Deans Lane, Tralee, Co. Kerry |
| **Inspection undertaken by:** | N. Reidy |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | N/A |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report Pre School

## Description of service

Naíonra an Chaisleáin is a community based purpose built early years service that is registered to provide sessional care to children aged between 2 and 6 years, currently the service cater for children aged between 2 years 8 months and 5 years. The service operates Monday to Friday inclusive between the hours of 9.15 am and 12.15pm.

## Staffing

There are currently 4 adults employed in the service that includes the registered provider and a named person to provide relief cover as is required. The 4 adults had attained Quality Qualifications Ireland (QQI) in childcare training at Level 5 and above.

## Methodology

Tusla’s Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety/ premises and facilities. The inspections may also focus on other areas as required.
Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring.

The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Additional Information**

An Immediate Action Notice was issued to the Registered Provider in respect of the temperature of the warm water recorded at 60 degrees Celsius at the sink in the children's sanitary accommodation located upstairs. The registered provider submitted a written response outlining the measures taken to eliminate the concern identified.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the registered provider, person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(1) A registered provider shall ensure that-*

*(a)the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,*

*(b)at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and*

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

**Compliance Information**

(1)

(a) There is a designated person in charge and a named person who can deputize as required.

(b) At all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named deputy are on the premise.

(2) The registered provider confirmed that 4 adults were employed in the service and the recruitment records in respect of the said adults were inspected.

- (a) 3 written references and validations were on file from a past employer.
- (b) 5 written references and validations were on file from a source other than a past employer.
- (c) A Garda Vetting Disclosure was on file for each of the 4 adults.
- (d) Police Vetting was on file for 1 adult who had resided outside the jurisdiction for a period of longer than 6 consecutive months.

(4) The adults working directly with the children had attained Quality Qualifications Ireland (QQI) in childcare training at Level 5 and above and the qualification certifications were available for inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 11 - Staffing levels

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(3) Subject to paragraph (5), a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 2 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) therefore at that reference number is satisfied.*

*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)-*

*(c) a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that, where the person in charge operates the service single-handedly, a second person familiar with the operation of the service and in a position to provide assistance to the person in charge in operating the service is, at all times, within close distance of the service and available to attend the service to assist the person in charge in the event of an emergency.*

**Compliance Information**

(1) Throughout the period of inspection, the registered provider did ensure that there was an adequate number of adults caring for the children attending the service.

(3) There were 2 adults caring for 19 children aged between 3 and 5 years attending the service between both playrooms on a sessional basis. The adult child ratio was correct.

(8)(c) Not applicable as the service does not operate single-handedly.

## Part V - Care of Child in Pre-school Service

### Regulation 19 - Health, welfare and development of child

*(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*

*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and*

**Compliance Information**

BASIC NEEDS

- The adults caring for the children throughout the inspection were observed to be kind and caring towards the children in attendance.
- The children had the option of moving between the 2 playrooms, namely the Kitchen playroom and the main playroom. The children were observed playing freely in both rooms.
- The playrooms were resourced with a variety of toys and play materials stored on low level open shelving, on the floor and at children's height. The person in charge informed the inspector that additional toys and play materials stored in a vacant room on the 1st floor are rotated during the year.
- There was a selection of the children's artwork was displayed in the entrance hallway area.
- The parents/guardians of the children attending provide the food consumed on the premise. The food observed included sandwiches, yogurts, and a variety of fruit and vegetables with water to drink. On speaking to the adults, they informed that the food provided by the parents is in line with the Healthy Eating Policy of the service.
- The children's individual re-usable water bottles were re-filled at the sink in the Kitchen playroom as required and the service had a selection of cups available on the sink.
- Some children had their photographs taken holding a sample of some of the artwork completed. The photographs were for placement in the children's individual record books. The books were furnished to the inspector, they consisted of various photographs of the children playing and with a sample of some artwork they had completed since commencing in the service.
- The children attending had unrestricted access to the toilet facilities located between the 2 playrooms during the inspection and to the 2nd toilet for allocated for children's use located on the 2nd floor. The upstairs facility was not used during the inspection.
- The children have access to a designated, enclosed outdoor play area that is directly accessible from both playrooms. The area was not used on the day of the inspection due to the inclement weather.

## Part VI - Safety

**Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child**

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

### Compliance Information

**General Safety:**

- The main entrance door to the service was secure.
- The cleaning products observed were stored on a high-level shelf in the kitchen playroom out of the reach of the children.
- The stairway in the entrance hallway area was rendered inaccessible to the children by a secure child safety gate that was in place at the end of the stairs.

**Infection Control:**

- The children's perishable food items were stored in the fridge to prevent food spoilage.
- The children washed their hands at the sink in the downstairs bathroom prior to the mealtime. The tables in the kitchen playroom where all the children gathered to eat were sanitized down prior to the mealtime.
- There was warm water, liquid hand soap and paper hand towels provided at the sink in the downstairs for effective hand washing to reduce the risk of cross infection.

### Non-Compliance Information

**General Safety:**

1. The temperature of the warm water at the sink in the upstairs children's sanitary accommodation was recorded at 60 degrees Celsius and at the sink in the adult sanitary accommodation it was recorded at 59.6 degrees Celsius posing a risk of scalding.

### Action submitted by the Registered Provider

**Corrective & Preventive Action**

The registered provider stated that the inspector was informed that the non-compliance had been rectified, a registered plumber installed a new thermostat in each of the upstairs bathrooms and the water temperature was set at 40 degrees Celsius to ensure compliance.

Following a staff meeting it was agreed that the water temperature in the 3 bathrooms will be checked on a monthly basis to ensure the thermostat is working effectively and the water temperature meets with the requirements of regulation 23.

Going forward the staff will record the temperature of the warm water; the record will be displayed on the back of bathroom doors.

If the temperature is above the required temperature of 43 degrees staff will inform the registered provider immediately and a different bathroom will be used until the problem is identified and resolved by a plumber.

**Supporting documentation submitted**

**General Safety:**

A photograph demonstrating the temperature check of the warm water at 40 degrees Celsius, a copy of the monthly record to demonstrate the water temperature checks and an invoice from the plumber in respect of the installation of 2 mixing valves installed were submitted.

**Summary Comment**

The requirement has been met.

**Part VI - Safety**

**Regulation 25 - First aid**

*(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*

*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*

*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*

*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.*

**Compliance Information**

(1) 3 adults had current First Aid Responder (FAR) training and the certification was on file.

(2)

(a) A first aid bag was provided; it was stored in a high-level cupboard in the in the Kitchen playroom.

(b) The first aid bag was accessible to the adults at all times and was out of the reach of the children.

**Non-Compliance Information**

(2)(a) The first aid bag was not suitably stocked and a number of the individually wrapped sterile, unmedicated wound dressings and sterile eye pads were out of date and not fit for purpose.

The following items were not in stock in addition to the contents provided: -

- Water burns dressings (1 small and 1 large)
- Crepe bandage (7cm) (2)

## Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider

**Corrective and Preventive Action**

The registered provider stated that all the out-of-date items in the first aid bag have been replaced with new in date items.

To ensure compliance going forward a list with the expiry date of the first aid contents is now on display on the notice board downstairs for the staff to check and on the notice board in the upstairs office. Items will be replaced as required.

**Supporting documentation submitted**

A photograph of the restocked first aid contents was submitted.

## Summary Comment

The requirement has been met.

## Part VI - Safety

**Regulation 26 - Fire safety measures**

*(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*

*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*

*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*

*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.*

## Compliance Information

(1) The service had maintained in writing a record of the following: -

(a) A record of the fire drills conducted in the service. The last record of a fire drill that had taken place was 18.12.'23.

(b) A record of the number, type and maintenance checks of the firefighting equipment and the smoke alarm. The records on file demonstrated the last check for the smoke alarm was September 2022 and the firefighting equipment was 6/9/'23.

(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire was displayed in the service.

| Non-Compliance Information |
|---|
| (1)<br>(b) The records provided for inspection indicated that the smoke alarm was not serviced on an annual basis. |
| **Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider** |
| **Corrective and Preventive Action**<br>The registered provider stated that: -<br>The fire alarm company was contacted to carry out an inspection on the fire alarm system. A quarterly maintenance contract with fire alarm servicing company is set up to ensure the fire alarm system is checked and maintained throughout the year to ensure compliance.<br>**Supporting documentation submitted**<br>The fire alarm maintenance certificate dated 26.01.2024 was received. |
| **Summary Comment** |
| The requirement has been met. |

| Part VII - Premises and Space Requirements |
|---|
| **Regulation 29 - Premises** |
| *A registered provider shall ensure that the premises of the service are-*<br>*(c) kept adequately lit, heated and ventilated* |
| **Compliance Information** |
| (c) The air temperature of the playrooms and the children's sanitary accommodation located on the ground floor was maintained within the range of 18 and 19 degrees Celsius.<br>(d) The premise was well ventilated by means of the openable windows. |
| **Non-Compliance Information** |
| (c)The air temperature of the children's sanitary accommodation and the adult sanitary accommodation located on the first floor was recorded at 15 degrees Celsius respectively. |
| **Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider** |

**Corrective and Preventive Action**

The registered provider stated that the owner of premises was contacted regarding the radiators and they were repaired. At a staff meeting it was decided that the staff will check the room temperature, there are 4 thermometers in place in the upstairs and downstairs bathrooms to ensure the room temperature is maintained.

**Supporting documentation submitted**

Evidence of the record demonstrating the room temperature at 18 degrees Celsius and of the thermometers purchased was submitted.

| Summary Comment |
|---|
| The requirement has been met. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |

The information provided on the insurance certificate included:

- the contact details for the insurance provider
- the name and address of the service insured.
- the category of insurance cover for the service
- the number of children covered by the insurance was for 22 children.

The expiry date of the current insurance cover was 31/08/’24